Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**14553/18**

**DEVGEN 220**
**SUSTDEV 16**
**ACP 121**
**RELEX 991**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Samhain 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14092/18 |
| Ábhar: | Creat Athbhreithnithe an Aontais le haghaidh Torthaí sa Chomhar Idirnáisiúnta agus san Fhorbairt<br>- Conclúidí ón gComhairle (26 Samhain 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Creat Athbhreithnithe an Aontais le haghaidh Torthaí sa Chomhar Idirnáisiúnta agus san Fhorbairt, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3654ú cruinniú dá cuid a reáchtáladh ar an 26 Samhain 2018.

## Conclúidí ón gComhairle maidir le Creat Athbhreithnithe an Aontais le haghaidh Torthaí sa Chomhar Idirnáisiúnta agus san Fhorbairt

1. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí a ghlac sí in 2015[1] maidir le doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal "Creat Idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh le haghaidh Torthaí sa Chomhar agus san Fhorbairt a Sheoladh".

2. Is díol sásaimh don Chomhairle an doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal Creat Athbhreithnithe an Aontais le haghaidh Torthaí sa Chomhar Idirnáisiúnta agus san Fhorbairt, lena n-ailínítear Creat an Aontais le haghaidh Torthaí leis an gComhdhearcadh Eorpach nua maidir le Forbairt agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030. Sa chomhthéacs sin, meabhraítear don Chomhairle tiomantas an Aontais agus tiomantas na mBallstát a gcórais tuairiscithe a oiriúnú diaidh ar ndiaidh i réimse an chomhair idirnáisiúnta agus na forbartha le bheith comhsheasmhach leis an gClár Oibre 2030, rud a éascóidh an phiarfhoghlaim agus tuilleadh dul chun cinn i dtreo cur chuige comhpháirteach maidir le torthaí ón Aontas gona Ballstáit a thomhas. Spreagann an Chomhairle an Coimisiún chun cur chuige toradh-bhunaithe a chur chun cinn i mbainistiú idirghabhálacha a mhaoiníonn an tAontas agus ar gá athrú cultúrtha agus iompraíochta ina leith.

3. Cuireann an Chomhairle i bhfáth, ina theannta sin, go mba cheart go mbeadh Creat an Aontais le haghaidh Torthaí mar uirlis cumarsáide chun torthaí a thuairisciú, agus mar mhodh chun feabhas a chur ar chleachtais i ndáil le beartas forbartha an Aontais a chur chun feidhme, rud a chuirfeadh le héifeachtacht forbartha agus infheictheacht chomhar idirnáisiúnta an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart Creat athbhreithnithe an Aontais le haghaidh Torthaí a úsáid chun feabhas a chur ar an trédhearcacht agus ar an gcuntasacht fhrithpháirteach le tíortha comhpháirtíochta rud a chabhróidh le tíortha comhpháirtíochtaí cuimsitheacha don fhorbairt a ghlacadh chucu féin agus a chur chun cinn.

[1] 9145/15.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle an struchtúr nuashonraithe ar thrí leibhéal atá beartaithe ag an gCoimisiún, atá eagraithe bunaithe ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe chun dul chun cinn na forbartha i dtíortha comhpháirtíochta an Aontais (Leibhéal 1), rannchuidithe an Aontais do dhul chun cinn na forbartha i dtíortha comhpháirtíochta an Aontais (Leibhéal 2) agus príomhshruthú bheartais tosaíochta (Leibhéal 3) a thomhas.

5. Is díol sásaimh don Chomhairle ionchorprú na ráitis torthaí chun comhar idirnáisiúnta agus cuspóirí forbartha an Aontais a chur in iúl agus aithníonn sí na hiarrachtaí a rinneadh chun táscairí Chreat an Aontais le haghaidh Torthaí a chur ar chomhréim le táscairí na spriocanna forbartha inbhuanaithe a comhaontaíodh laistigh de na Náisiúin Aontaithe. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle go gcomhlánaíonn Creat athbhreithnithe an Aontais le haghaidh Torthaí na creataí faireacháin agus tuairiscithe atá ann cheana ar leibhéal tíre.

6. Aithníonn an Chomhairle an méid atá bainte amach go nuige seo, ó thaobh cuntasacht feabhsaithe agus acmhainneacht chun foghlama mar ba léir ón gceithre bhabhta de thuairisciú torthaí a cuireadh i gcrích go dtí seo. Is díol sásaimh don Chomhairle iarrachtaí chun an leas agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as sonraí na dtorthaí atá ann cheana féin, mar shampla trí iad a úsáid le haghaidh meastóireacht straitéiseach, mar a tugadh chun suntais sna gConclúidí ón gComhairle in 2015, agus chun tuairisciú a dhéanamh chuig an bhFóram Polaitiúil Ardleibhéil.

7. I gcomhréir le Plean Gníomhaíochta Inscne 2016-2020 an Aontais, leagann an Chomhairle béim ar thábhacht na hinscne i gCreat an Aontais le haghaidh Torthaí agus, dá bhrí sin, iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint de thuairisciú a dhéanamh ar thorthaí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de, agus dlús a chur leis na hiarrachtaí maidir le grúpaí ábhartha eile, amhail de réir aoise, míchumais nó tosca eile leochaileachta, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar chuimsiú tuilleadh táscairí atá íogair ó thaobh inscne de in idirghabhálacha a mhaoiníonn an tAontas. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún díriú isteach tuilleadh ar Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5, i bhfianaise chineál leathan na sprice sin, i gCreat athbhreithnithe an Aontais le haghaidh Torthaí.

8. Is díol sásaimh don Chomhairle an rún atá ag an gCoimisiún na torthaí ó chláir atá ar bun faoi láthair a chur isteach i dteannta na dtorthaí ó chláir a cuireadh i gcrích cheana san chéad tuairisciú torthaí eile ón Aontais. Cuirfidh sé sin leis an tuairisciú agus céim thábhachtach a bheidh ann ó thaobh cinntí a dhéanamh agus ó thaobh foghlama de.

9. Cuireann an Chomhairle i bhfáth gur deis uathúil atá sna spriocanna forbartha inbhuanaithe le haghaidh comhordú feabhsaithe agus tuairisciú torthaí comhchuibhithe, lena n-áirítear úsáid a bhaint as creataí torthaí ar leibhéal tíre comhpháirtíochta. Ba cheart tacú le hiarrachtaí tíortha comhpháirtíochta agus iad a spreagadh chun spriocanna forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú ina bpleananna forbartha náisiúnta, ina gcuid straitéisí, ina mbuiséid agus ina gcreataí torthaí. Cuirfidh sé sin leis na deiseanna do chomhar agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha leis an Aontas, go háirithe trí idirphlé beartais bunaithe ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá ann iarrachtaí an Aontais a threisiú chun tacú le dlús a chur le cumas staidrimh na dtíortha atá i mbéal forbartha, agus d'fhonn an dul chun cinn ar chur i ngníomh na spriocanna forbartha inbhuanaithe a rianú go héifeachtúil.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle Creat athbhreithnithe an Aontais le haghaidh Torthaí a bheith ann mar uirlis le gur fusa don Aontas agus do na Ballstáit obair leantach agus tuairisciú a dhéanamh go comhpháirteach. Ina theannta sin, spreagann an Chomhairle seirbhísí an Choimisiúin, SEGS agus na Ballstáit a thuilleadh leas a bhaint as creataí torthaí chun clársceidealú comhpháirteach, idirphlé beartais agus cur chun feidhme comhpháirteach idir an tAontas, na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara sna tíortha comhpháirtíochta a chur chun cinn.

11. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé leas a bhaint as Creat athbhreithnithe an Aontais le haghaidh Torthaí mar bhonn chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar idirghabhálacha a bheidh le maoiniú faoin gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile (2021-2027), lena n-áiritheofar ardcháilíocht sonraí a bheith ar fáil chun léiriú a thabhairt ar an méid a chuireann gníomhaíocht sheachtrach an Aontais le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe.

12. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún anailís cháilíochtúil ar na torthaí a chur san áireamh i dtuairisciú torthaí an Aontais amach anseo. Agus aird á tabhairt ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme Chreat athbhreithnithe an Aontais le haghaidh Torthaí, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún í a choimeád cothrom le dáta go tráthrialta agus a chuid táscairí a chur san áireamh nuair is gá, chun ábharthacht, cáilíocht agus stóinseacht na modheolaíochta a chothú mar aon le hinléiteacht Chreat athbhreithnithe an Aontais le haghaidh Torthaí.

13. Tá an Chomhairle ag tnúth le cur chun feidhme Chreat athbhreithnithe an Aontais le haghaidh Torthaí agus sa chomhthéacs sin le foilsiú na dtuarascálacha bliantúla ón gCoimisiún a bheidh ann amach anseo maidir le cur chun feidhme ionstraimí an Aontais chun gníomhaíochtaí seachtracha a mhaoiniú. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar tuairisciú go tráthúil, rud a chiallaíonn gur cheart na torthaí bliantúla a fhoilsiú tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis bhailiú shonraí na dtorthaí.